An Athchúrsáil

Tasc A

Rólimirt

Tá do rang ag foghlaim faoi athchúrsáil agus faoi bhruscar ar scoil. Tá an rang go díreach i ndiaidh teacht ar ais ó shiúlóid áitiúil le fócas ar bhruscar sa cheantar. Iarrann an múinteoir oraibh labhairt faoin bhealach ar féidir le gach duine dul i ngleic le cúrsaí bruscair agus athchúrsála.

Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas le tacú leis an chomhrá. Bí cinnte go mbíonn seal ag gach duine atá mar chuid den chomhrá na ceisteanna a fhreagairt. Ná déan dearmad freagairt leis an bhriathar nuair is féidir.

1. **An síleann tusa gur rud maith é bruscar a chaitheamh ar an talamh? Cén fáth?**
2. **An dóigh leat go ndéanann an scoil go leor maidir le cúrsaí athchúrsála? Cén fáth?**
3. **An dtiocfadh le pobal na scoile feabhas a chur ar bhruscar? Cén bealach?**
4. **An dóigh leat go ndéanann do theaghlach féin iarrachtaí go leor maidir leis an athchúrsáil?**
5. **An síleann tú go bhfuil barraíocht plaistigh in úsáid sna siopaí? Cén dóigh?**
6. **An dtig le rang s'againne níos mó eolais a chur ar fáil don scoil maidir leis an athchúrsáil? Cén dóigh?**
7. **An dtig le rang s'againne níos mó eolais a chur ar fáil don phobal áitiúil maidir le bruscar agus le hathchúrsáil?**
8. **Cad iad na rudaí a dtiocfadh leat athúsáid a bhaint astu sa teach, mar shampla, prócaí agus páipéar agus cén bealach?**

Seo frásaí úsáideacha agus cora cainte le tacú leat

- Athchúrsáil
- Ionad athchúrsála
- Bruscar
- Bosca bruscair/canna bruscair
- Ar an talamh/sa chlós
- Plaisteach
- Páipéar
- Gloine
- Cannaí
- Buidéal/buidéil
- Gléasanna leictreacha
- Bruscar a shórtáil
- Rannóga
- Aire a thabhairt don timpeallacht
- Freagracht orainn
- Tá sé de dhualgas orainn ...
- Athrú aeráide
- An domhan a scriosadh
- Laghdaigh, athúsáid, athchúrsáil
- Ní mór dúinn ...

© CCEA 2022

An Athchúrsáil

Seanfhocail

Is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.
Ní neart go cur le chéile.

Saibhreas Teanga

Chomh salach le cró muice.
Chomh falsa le muc.
Tá ualach trom ar mo chroí ag smaoineamh faoin todhchaí.

Tasc B

1. Póstaer

Caithfidh tú póstaer a dhearadh do phobal na scoile. Tá tú ag iarraidh teachtaireacht láidir a chur chun cinn maidir le cúrsaí athchúrsála a fheabhsú ar scoil. Glac san áireamh na rudaí seo:

- Déan athchúrsáil ar pháipéar, cannaí agus prócaí.
- Cuir bia i mbosca nó i mála ar leith.
- Is linn uilig an pláinéad seo agus tá sé de dhualgas orainn aire a thabhairt dó.
- Is linn trealamh na scoile fosta agus caithfidh muid bheith cúramach le gach rud.

Bheadh sé níos éifeachtaí dá mbeadh póstaer déanta ag roinnt duine do gach rang, agus b'fhéidir do halla na scoile le teachtaireacht láidir a léiriú.

2. Seanfhocal

Bain úsáid as an tseanfhocal, 'Is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine'.
Breac síos pointí maidir leis na dóigheanna is fearr ar féidir le daoine dul i ngleic le cúrsaí athchúrsála.

- Cad é mar is féidir linn aire níos fearr a thabhairt don domhan?
- An gá dúinn cuid mhór rudaí a cheannach? An dtig linn gearradh siar ar rudaí, mar shampla, éadaí?
- An gá dúinn páipéar bronntanais a cheannach nó cártaí breithlae? An dtig linn ár gcuid féin a chruthú?
- An dtig linn buidéil a athúsáid le deochanna a chur iontu?
- An dtig linn rud éigin eile a úsáid in áit scragall stáin do cheapairí?

Cuir do chuid smaointe i láthair os comhair do charad nó os comhair an ranga.

© CCEA 2022